V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10378 – VUB / SLOVENSKA SPORITELNA / TATRA BANKA / 365.BANK / CSOB / JV)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 134/08)

1. An 17 Márta 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Všeobecná úverová banka, a.s. (“VUB”, an tSlóvaic), atá á rialú ag Intesa Sanpaolo S.p.A. (An Iodáil),

— Slovenská sporiteľňa, a.s. (“Slovenska Sporitelna”, an tSlóvaic), atá á rialú ag Erste Group Bank AG (an Ostair),

— Tatra banka, a.s. (“Tatra Banka”, an tSlóvaic), atá á rialú ag Raiffeisen Bank International AG (an Ostair),

— 365.bank, a.s. (“365.bank”, an tSlóvaic; roimh an 3 Iúil 2021 cláraithe mar Poštová banka, a.s.), atá á rialú ag J&T FINANCE GROUP SE (an tSeicia),

— Československá obchodná banka, a.s. (“CSOB”, an tSlóvaic), atá á rialú ag KBC Group N.V. (An Bheilg).

Gheobhaidh VUB, Slovenska Sporitelna, Tatra Banka, 365.bank agus CSOB rialú comhpháirteach ar chomhfhiontar nuachruthaithe (an “JV”) de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainc thráchtála iad VUB, Slovenska Sporitelna, Tatra Banka, 365.bank agus CSOB sa tSlóvaic atá gníomhach i mbaincéireacht mhiondíola agus i mbaincéireacht chorparáideach,

— Cuirfidh an JV seirbhísí láimhseála airgid thirim, iompair airgid thirim agus seirbhísí bainistíochta airgid thirim ar fáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an “Rialachán um Chumaisc”).

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10378 – VUB / SLOVENSKA SPORITELNA / TATRA BANKA / 365.BANK / CSOB / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË